



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2019
COM(2019) 65 final

2019/0030 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos forálacha ionas go bhféadfar leanúint ar aghaidh leis le gníomhaíochta
soghluaisteachta foghlama atá ar siúl faoi chlár Erasmus+ i gcomhthéacs tharraingt siar
Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”)
ón Aontas Eorpach**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Chuir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("An Ríocht Aontaithe") fógra isteach an 29 Márta 2017 á rá go raibh rún aici tarraingt siar ón Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Fágann sin, mura ndaingneofar an Comhaontú um Tharraingt Siar, go scoirfidh dlí príomhúil agus dlí tánaisteach an Aontais d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ón 30 Márta 2019 ("dáta an tarraingt siar"). As sin amach, beidh an Ríocht Aontaithe ina tríú tír.

D'iarr an Chomhairle Eorpach arís (Airteagal 50), an 13 Nollaig 2018, go gcuirfí dlús leis an obair ullmhachta ar gach leibhéal i dtaca le hiarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe agus go gcuirfí na torthaí uile is féidir a bheith ar an tarraingt siar sin san áireamh. Tá an gníomh sin mar chuid de phacáiste beart atá á ghlacadh ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar an nglao sin.

Tionscnamh suaitheanta de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an clár Erasmus+ agus is dócha go bhfuil sé ar cheann de na cláir is rathúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Ó cuireadh tús leis an gclár sin breis agus 30 bliain ó shin, tugadh deis do bhreis agus 9 milliún Eorpach óg taithí foghlama a fháil tríd an tsoghluaisteacht ar an gcoigríoch. Tháinig glúin daoine nua chun cinn a bhuí leis sin a thugann le taispeáint go bhfuil dlúthbhaint acu leis an Eoraip. Tá glúin daoine neamhchlaonta, muiníneacha agus cumhachtaithe ag teacht chun cinn, glúin a bhfuil luachanna coiteanna na hEorpa acu uile agus atá ag cur le bonn eolais agus athléimneacht gheilleagar agus shochaí na Eorpa a chothú.

Le Erasmus+ tacaítear le gníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Tá sé ina chuidiú ag tíortha na Eorpa a gcórais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú agus a fheabhsú mar aon lena mbeartais óige agus spóirt, rud a threisíonn an ról atá acu mar spreagadh don fhás, don fhostaíocht, don iomaíochas agus don comhtháthú sóisialta. Tugtar deis do bheagnach 800 000 duine in aghaidh na bliana leas a bhaint as an bhfoghlaim nó as an oiliúint ar an gcoigríoch. Is féidir go maireann gníomhaíochtaí soghluaisteachta suas le 12 mhí.

Is príomhionstraim é an clár féachaint le Limistéar Eorpach Oideachais a chinntiú faoi 2025, ina bhfaigheadh daoine óga scoth an oideachais agus na hoiliúna agus nach gcuirfí isteach ar an bhfoghlaim, ar an staidéar agus ar thaighde a dhéanamh de dheasca teorainneacha agus inar ghnách an rud é seal a chaitheamh i mbun staidéir, foghlama nó oibre i mBallstát eile. Sa Limistéar Eorpach Oideachais, tá tuiscint mhaith ag daoine ar a bhféiniúlacht mar Eorpaigh, ar oidhreacht agus ar éagsúlacht chultúrtha na hEorpa.

Tráth tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ón Aontas Eorpach, beidh nach mór 14,000 foghlaimeoir ó na 27 mBallstát (mic léinn agus oiliúnaithe san ardoideachas agus sa ghairmoideachas agus san oiliúint, foghlaimeoirí óga agus foireann oideachasúil) sa Ríocht Aontaithe, agus timpeall 7,000 foghlaimeoir de chuid na Ríochta Aontaithe sna 27 mBallstát.

Mura ndaingneofaí an Comhaontú um Tharraingt Siar, d'fhágfadh sin go mbeadh ar lucht na 27 mBallstát agus na Ríocht Aontaithe atá rannpháirteach in Erasmus+ faoi láthair éirí as a ngníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama. Chaillfeadh roinnt mic léinn a gcreidmheasanna acadúla agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí iallach orthu tabhairt faoin seimeastar acadúil nó faoin mbliain acadúil arís. Bheadh tionchar an-mhór aige sin ar na mic léinn féin agus ar na hinstiúidí a gcuirtear chucu iad nó a óstálann iad.

Is é is aidhm don togra seo bearta teagmhais a chur i bhfeidhm ionas nach gcuirfear isteach ar na gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama de chuid Erasmus+ a mbeadh baint ag an Ríocht Aontaithe leo tráth tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Cuirfear na bearta sin i bhfeidhm maidir leis na gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama atá ar bun faoi Erasmus+ faoi láthair a gcuirfear tús leo roimh an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is aidhm don togra seo leanúint de na cláir atá ann faoi láthair.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach ina iomláine le sainordú na Comhairle le haghaidh na caibidlíochta leis an Ríochta Aontaithe maidir leis an tarraingt siar ón Aontas.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Airteagal 165 agus Airteagal 166 CFAE

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe a áirithiú go leanfar den chlár Erasmus+ a áirithiú go páirteach, rud a rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 agus a leasaítear le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1475. Rinneadh scrúdú ar chomhlíonadh phrionsabal coimhdeachta an chláir seo tráth a ghlactha.

- **Comhréireacht**

Meastar gur togra comhréireach é mar déantar foráil ann maidir leis an athrú dlí riachtanach agus san am céanna ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun go leanfar go hordúil de na gníomhaíochtaí soghluaisteachta atá ar bun, ar gníomhaíochtaí iad a deonaíodh cheana faoi chuimsiú an chláir Erasmus+.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go gcuireann an gníomh seo le Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, is é an t-aon fhoirm leordhóthanach amháin atá ann rialachán a mholadh.

Ós rud é nach mbeidh feidhm ag an Rialachán seo - a thiocfaidh i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh - ach amháin más rud é nach mbeidh comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhair le hAirteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach tugtha i gcrích faoin dáta a scoirfidh feidhm de bheith ag na Conarthaí maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, tá an gníomh beartaithe *ad hoc* níos iomchuí ná Rialachán i bhfoirm gníomh leasaitheach.

3. **TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX-POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar a phráinní a bhí sé an togra a ullmhú, ionas go bhféadfaí na comhreachtóirí é a ghlacadh in am, ní rabhtas in ann comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara a dhéanamh.

- **Measúnú tionchair**

Mar gheall ar chineál an bhirt bheartaithe, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair, i gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Rialáil níos Fearr. Níl aon rogha bheartais ar fáil atá éagsúil ó

thaobh ábhair de. Is é an beart atá beartaithe an t-aon rogha bheartais amháin atá inmharthana chun a áirithiú go leanfar go hordúil de na gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a bhfuil baint acu leis an Ríocht Aontaithe faoi chuimsiú an chláir Erasmus+, tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é is aidhm don togra seo, mura ndaingneofar an Comhaontú um Tharraingt Siar, a áirithiú go leanfar de na gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama atá ar bun faoi Erasmus+, gan na méideanna a leithdháiltear ar na gníomhaíochtaí ná maoiniú na ngníomhaíochtaí sin a mhodhnú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos forálacha ionas go bhféadfar leanúint ar aghaidh leis le gníomhaíochta soghluaisteachta foghlama atá ar siúl faoi chlár Erasmus+ i gcomhthéacs tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”) ón Aontas Eorpach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 29 Márta 2017, chuir an Ríocht Aontaithe isteach fógra á rá go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is ón dáta a thioctaidh comhaontú um tharraingt siar i bhfeidhm a scoirfidh feidhm na gConarthaí maidir leis an Ríocht Aontaithe, nó ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin *i.e.* ón 30 Márta 2019, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, fad a chur leis an tréimhse.
- (2) Is i rith thréimhse chlár Erasmus+ 2014-2020 atá an tarraingt siar ag tarlú, clár a bhfuil an Ríocht Aontaithe páirteach ann.
- (3) Is é Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ a rialaíonn clár Erasmus+. Ba cheart don Rialachán seo rialacha a leagan síos ionas gur féidir cloí leis na gealltanais dhlíthiúla a ndeachthas i bpáirt iontu cheana maidir le gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a bhfuil lámh ag an Ríocht Aontaithe iontu agus iad ar siúl cheana, i dtaca lena tarraingt siar ón Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.
- (4) Ón dáta a thioctaidh deireadh le feidhm na gConarthaí, ní cuid de ‘chuid an Aontais de limistéar an chláir’ a bheidh sa Ríocht Aontaithe feasta laistigh de bhrí Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013. Ionas nach gcaithfeadh rannpháirtithe reatha Erasmus+ éirí as na gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama atá idir lámha acu, ba

¹ [...]

² [...]

³ Rialachán (AE) Uimh 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear ‘Erasmus+’: clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

cheart na rialacha incháilitheachta a ghabhann le gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama faoi Erasmus+ a oiriúnú.

- (5) Ionas gur féidir leanúint den mhaoiniú a dhéantar ó chiste an Aontais ar gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama atá ar siúl, ba cheart don Choimisiún agus don Ríocht Aontaithe teacht ar chomhaontú lena gceadófaí rialuithe agus iniúchtaí a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí faoi seach. Murar féidir na rialuithe agus na hiniúchtaí riachtanacha a chur i gcrích, is é ba cheart a mheas gur easnamh tromchúiseach seo sa chóras bainistíochta agus rialuithe.
- (6) Ba cheart go dtiocfadh an Rialachán i bhfeidhm le teann práinne, agus ba cheart dó a bheith i bhfeidhm ón dáta tar éis deireadh feidhme do na Conarthaí ar an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe mura dtagann comhaontú um tharraingt siar i bhfeidhm faoin dáta sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An t-ábhar agus raon an ábhair

Sa Rialachán seo, leagtar síos forálacha chun leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 a bheidh tosaithe ar a dheireanaí ar an dáta a thagann deireadh le feidhm na gConarthaí ar an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe.

Airteagal 2

Incháilitheacht

1. Gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhíonn ag tarlú sa Ríocht Aontaithe nó a bhfuil lámh iontu ag eintitis nó ag rannpháirtithe ón Ríocht Aontaithe, is gníomhaíochtaí iad a mairfidh a gcuid incháilitheachta.
2. Chun críche chur i bhfeidhm aon fhoráil eile atá i Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 agus na ngníomhartha lena gcuirtear an Rialachán is gá chun feidhme chun éifeacht thabhairt do mhír 1, is mar Bhallstát a chaithfear leis an Ríocht Aontaithe, faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo.

Cé ea áfach, ní bheidh ionadaithe de chuid na Ríochta Aontaithe páirteach sa choiste dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.

Airteagal 3

Rialuithe agus iniúchtaí

Is idir údaráis an Choimisiúin agus údaráis na Ríochta Aontaithe a chomhaontófar cur i bhfeidhm na rialacha a ghabhann le rialuithe agus iniúchtaí na ngníomhaireachta soghluaisteachta foghlama dá dtagraítear in Airteagal 1. Is í tréimhse iomlán na ngníomhaireachtaí soghluaisteachta foghlama a chumhdófar sna rialuithe agus sna hiniúchtaí mar aon leis an iarobair ghaolmhar.

Murar féidir na rialuithe agus na hiniúchtaí riachtanacha ar an gclár a chur i gcrích sa Ríocht Aontaithe, is easnamh tromchúiseach a bheidh anseo i gcomhlíonadh na bpríomh-oibleagáidí i leith chur chun feidhme na ngealltanais dlíthiúil idir an Coimisiún agus áisíneacht náisiúnta na Ríochta Aontaithe.

Airteagal 4
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Is ar an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

Beidh sé i bhfeidhm ón dáta i ndiaidh an dáta ar a dtiocfaidh deireadh le feidhm na gConarthaí ar an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha ionas go bhféadfar leanúint ar aghaidh leis na gníomhaíochta soghluaisteachta foghlama atá ar siúl faoi chlár Erasmus+ i gcomhthéacs tharraing siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”) ón Aontas Eorpach.

1.3. Forais an togra/tionscnaimh

- 1.3.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh sé i bhfeidhm ón dáta i ndiaidh an dáta ar a dtiocfaidh deireadh le feidhm na gConarthaí ar an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo más amhlaidh go bhfuil comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcríoch leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) tagtha i bhfeidhm faoin dáta sin.

- 1.3.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE (d’fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE” an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

N/A

- 1.3.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

N/A

- 1.3.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an Rialachán seo comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith aige.

- 1.3.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an Rialachán seo. Is trí bhuiséad ginearálta an Aontais a dhéanfar ranníocaíocht an Aontais leis na cláir a mhaoiniú.

1.4. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag X.

1.5. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁴

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

– ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin.

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí cur chun feidhme a chur orthu seo a leanas:

– Tríú tíortha nó na comhlachtaí atá ainmnithe acu;

– eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– comhlachtaí dlí phoiblí;

– comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí:

N/A

⁴ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

N/A

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

N/A

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

N/A

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

N/A

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

N/A

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁵ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁶	ó thíortha is iarrthóirí ⁷	ó thríú tíortha	de réir bhí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
		LD	Líon	Líon	Líon	Líon

⁵ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁶ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁷ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an Rialachán seo.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

			2019	2020	2021	2022	2023	Blianta dá éis sin	IOMLÁN
<input type="checkbox"/> Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí a chur ar ceal									
	Gealltanais	(1a)							
	Íocaíochtaí	(2 a)							
IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais	=1a+1b +3							
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3							

<input type="checkbox"/> IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)							
	Íocaíochtaí	(5)							
<input type="checkbox"/> IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath			(6)						

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL 13 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

<input type="checkbox"/> IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath (gach ceannteideal oibríochta)		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi THEIDIL 1 go 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	5	"Caiteachas riaracháin"
--	---	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na “sonraí buiséid de chineál riaracháin” a iontráladh ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas airgeadais seo](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáladh ar an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: <.....>									
<input type="checkbox"/> Acmhainní daonna									
<input type="checkbox"/> Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht <.....>	Leithreasuithe								

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)								
---	--	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N ⁸	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi THEIDIL 1 go 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais								
	Íocaíochtaí								

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoiníofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir <input type="checkbox"/>			Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)										IOMLÁN		
	ASCHUIR																		
	Saghas ⁹	Meánc hostas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Uimh. costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ¹⁰ ...																			
- Aschur																			
- Aschur																			

⁸ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad “N” (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

⁹ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

¹⁰ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁN																		

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ¹¹	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	---------------------------	---------------	---------------	---------------	---	--------

CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas riaracháin eile							
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5¹² den chreat ilbhliantúil airgeadais							
Acmhainní daonna							
Caiteachas eile de chineál riaracháin							
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

¹¹ Is í bliain N an bhliain a chuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad "N" (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

¹² Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

IOMLÁN								
--------	--	--	--	--	--	--	--	--

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
<input type="checkbox"/> Poist an Phlean Bhunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)							
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)							
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)							
XX 01 05 01/11/21 (Taighde indéach)							
10 01 05 01/11 (Taighde díreach)							
<input type="checkbox"/> Baill foirne sheachtracha (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha : FTE)¹³							
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón "imchlúdach iomlánaíoch")							
XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)							
XX 01 04 bb¹⁴	- sa cheanncheathrú						
	- i dtoscaireachtaí						
XX 01 05 02/12/22 (CA, SNE, INT – Taighde indéach)							

¹³ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

¹⁴ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

10 01 05 02/12 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN							

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

Is féidir **X** a mhaoiniú ina iomláine laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Míniú an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

is gá athbhreithniú ar CAI.

Míniú an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thrú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

Ní dhéanann **X** foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR

3.3. **An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

– **X** Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ar acmhainní dílse

– ar ioncam eile

– má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

N/A

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).